Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Eanáir 2022
(OR. en)

15053/21

LIMITE

CORLX 704
CFSP/PESC 1244
COLAC 96

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/1720 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Nicearagua |

**CINNEADH (CBES) 2022/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/1720 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Nicearagua**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 14 Deireadh Fómhair 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/1720[1], a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Nicearagua.

(2) An 8 Samhain 2021, d'eisigh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') dearbhú thar ceann an Aontais inar chuir sé i dtreis gur tharla na toghcháin a tionóladh an 7 Samhain 2021 gan ráthaíochtaí daonlathacha agus go mbaineann easpa dlisteanachta lena dtorthaí. Dhearbhaigh sé go raibh an ceart sibhialta agus polaitiúil chun vótála i dtoghchán inchreidte, cuimsitheach, cothrom agus trédhearcach, chomh maith lena saoirse chun tuairimí a nochtadh, a saoirse comhlachais agus a saoirse comhthionóil ceilte ag Rialtas Nicearagua ar mhuintir Nicearagua. Chuir an tArdionadaí in iúl go bhfuil an tAontas faoi réir chun na hionstraimí uile atá ar fáil dó a bhreithniú, lena n-áirítear bearta sriantacha breise.

(3) I bhfianaise na staide tromchúisí leanúnaí i Nicearagua, ba cheart seacht nduine aonair agus trí eintiteas a áireamh i liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n- eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir bearta sriantacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2019/1720.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2019/1720 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] Cinneadh (CBES) 2019/1720 ón gComhairle an 14 Deireadh Fómhair 2019 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Nicearagua (IO L 262, 15.10.2019, lch. 58).

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2019/1720 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## IARSCRÍBHINN

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2019/1720 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad cheannteideal an tábla:

‘A. Daoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagail 1(1) agus 2(1)’;

(2) cuirtear na daoine nádúrtha a leanas leis an tábla:

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| '15. | Camila Antonia ORTEGA MURILLO | Feidhm: Iníon le Daniel Ortega agus Rosario Murillo, Comhairleoir don Uachtaránacht, Comhordaitheoir ar an Creative Economy Commission Stiúrthóir ar stáisiún teilifíse Canal 13<br>Dáta breithe: 4.11.1987<br>Áit bhreithe: Managua, Nicaragua<br>Inscne: baineann<br>Naisiúntacht: Nicearaguach<br>Uimhir pas: A00000114 (Nicearaguach)<br>Uimhir aitheantais : 0010411870001B | Tá dlúthbhaint ag Camila Antonia Ortega Murillo le gníomhaíochtaí a thacaíonn leis an lánúin uachtaránachta, Daniel Ortega agus Rosario Murillo, mar chomhairleoir don Uachtaránacht, mar chúntóir pearsanta don Leas-Uachtarán agus mar Chomhordaitheoir ar an Creative Economy National Commission. Tá sí ina Stiúrthóir freisin ar an ardán Nicaragua Diseña agus ar an stáisiún teilifíse Canal 13.<br>Tá sí freagrach as Nicaragua Diseña a úsáid chun tacú leis na toghcháin calaoiseacha uachtaránachta agus parlaiminte, a bhí ar siúl an 7 Samhain 2021, trí chuntais bhréige a chruthú in ardáin éagsúla na meán sóisialta. | + |

\+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Agus í ina cáil mar Stiúrthóir ar Canal 13, chuidigh sí le fuathchaint réimis Ortega i gcoinne an fhreasúra shibhialta a scaipeadh, agus ag an am céanna srian a chur le hiolrachas eagarthóireachta agus géarleanúint a dhéanamh ar iriseoirí neamhspleácha agus ar eagraíochtaí na meán i Nicearagua, rud lena gcuirtear deireadh leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus le fíoriomaíocht toghcháin. Bhí ról lárnach aici maidir le hiolrachas polaitiúil a chur faoi chois agus briseadh cinntitheach dhaonlathas Nicearagua.<br><br>Dá bhrí sin, tá baint aici le daoine atá freagrach as an mbonn a bhaint ón daonlathas agus as ucht sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus tá sí ag tacú diansmachta agus sáruithe don sórt sin. | |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 16. | Laureano Facundo ORTEGA MURILLO | Mac le Daniel Ortega agus Rosario Murillo, Comhairleoir don Uachtaránacht<br>Dáta breithe: 20.11.1982<br>Áit bhreithe: Managua, Nicaragua<br>Inscne: fireann<br>Naisiúntacht: Nicearaguach<br>Uimhir pas : A00000684 (Nicaragua)<br>Uimhir aitheantais: 0012011820046M | Tá dlúthbhaint ag Laureano Facundo Ortega Murillo le gníomhaíochtaí a thacaíonn leis an lánúin uachtaránachta, Daniel Ortega agus Rosario Murillo, mar chomhairleoir don Uachtaránacht. Tá údar agus tacaíocht tugtha aige do phríosúnacht threallach agus neamhdhleathach cheannairí freasúra pholaitiúil Nicearagua agus réamhiarrthóirí uachtaránachta, ceannairí mac léinn agus ceannairí tuaithe nó iriseoirí neamhspleácha, ar thagair sé dóibh uile mar "sceimhlitheoirí". Trí rannchuidiú le deireadh a chur le hiomaíocht toghcháin iarbhír, bhí ról lárnach aige maidir le hiolrachas polaitiúil a chur faoi chois agus briseadh cinntitheach dhaonlathas Nicearagua. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Ghníomhaigh sé mar chomhairleoir eacnamaíoch dá athair Daniel Ortega agus do réimeas Ortega tríd an ngníomhaireacht rialtais ProNicaragua. Ina theannta sin, tá sé freagrach as BanCorp a oibriú – eintiteas arb é is príomhchuspóir dó cúnamh, urraíocht agus tacaíocht airgeadais a thabhairt do ghníomhaíochtaí diansmachta a mháthar, Rosario Murillo, an Leas-Uachtarán.<br>Dá bhrí sin, tá baint aige le daoine atá freagrach as ucht cos ar bolg a dhéanamh ar an tsochaí shibhialta agus as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus tá sé ag tacú le diansmacht agus sáruithe den sórt sin. | |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 17. | Brenda Isabel ROCHA CHACÓN | Uachtarán an Supreme Electoral Council<br>Dáta breithe: 10.2.1967<br>Áit bhreithe: Bonanza, Nicaragua<br>Inscne: baineann<br>Naisiúntacht: Nicearaguach | Tá Brenda Isabel Rocha Chacón ina hUachtarán ar an Supreme Electoral Council (SEC) ó mhí na Bealtaine 2021, ar comhlacht é atá freagrach as ullmhúchán, reáchtáil agus deimhniú olltoghcháin an 7 Samhain 2021 a bhain an bonn ó institiúidí daonlathacha agus ó phróisis dhaonlathacha de bharr easpa trédhearcachta chomh maith le fíor-fhreasúra agus díospóireacht dhaonlathach a bheith in easnamh. Thóg SEC an deis ón bhfreasúra seasamh i saorthoghcháin agus d'áirithigh sé eagrú na vótála i ndálaí neamhdhaonlathacha.<br>Dá bhrí sin, tá sí freagrach as an bhfreasúra daonlathach a chur faoi chois agus as an mbonn a bhaint ón daonlathas agus ón smacht reachta i Nicearagua. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 18. | Cairo Melvin AMADOR ARRIETA | Leas-Uachtarán an Supreme Electoral Council<br>Dáta breithe: 1952<br>Inscne: fireann<br>Naisiúntacht: Nicearaguach | Tá Cairo Melvin Amador Arrieta ina Leas-Uachtarán ar an Supreme Electoral Council (SEC) ó mhí na Bealtaine 2021, ar comhlacht é atá freagrach as ullmhú, reáchtáil agus deimhniú olltoghcháin an 7 Samhain 2021 a bhain an bonn ó institiúidí daonlathacha agus ó phróisis dhaonlathacha de bharr easpa trédhearcachta chomh maith le fíor-fhreasúra agus díospóireacht dhaonlathach a bheith in easnamh. Thóg SEC an deis ón bhfreasúra seasamh sna toghcháin agus d’áirithigh sé eagrú na vótála i ndálaí neamhdhaonlathacha.<br>Dá bhrí sin, tá sé freagrach as an bhfreasúra daonlathach a chur faoi chois agus as an mbonn a bhaint ón daonlathas agus ón smacht reachta i Nicearagua. | + |

\+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 19. | Lumberto Ignacio CAMPBELL HOOKER | Comhalta den Supreme Electoral Council, Uachtarán gníomhachar an Supreme Electoral Council in 2018<br>Dáta breithe: 3.12.1949<br>Áit bhreithe: Raas, Nicaragua<br>Inscne: fireann<br>Naisiúntacht: Nicearaguach<br>Uimhir an phas: A00001109 (Nicaragua)<br>Uimhir aitheantais: 6010302490003J | Tá Lumberto Ignacio Campbell Hooker ina chomhalta den Supreme Electoral Council (SEC) ó 2014, ar comhlacht é atá freagrach as ullmhúchán, reáchtáil agus deimhniú olltoghcháin an 7 Samhain 2021 a bhain an bonn ó institiúidí daonlathacha agus ó phróisis dhaonlathacha de bharr easpa trédhearcachta chomh maith le fíor-fhreasúra agus díospóireacht dhaonlathach a bheith in easnamh. Thóg SEC an deis ón bhfreasúra seasamh i saorthoghcháin agus d'áirithigh sé eagrú na vótála i ndálaí neamhdhaonlathacha.<br>Labhair sé leis na meáin le linn na dtoghchán an 7 Samhain 2021, agus thug sé údar agus ardmholadh dá n-eagraíocht.<br>Dá bhrí sin, tá sé freagrach as an bhfreasúra daonlathach a chur faoi chois agus as an mbonn a bhaint ón daonlathas agus ón smacht reachta i Nicearagua. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 20. | Nahima Janett DÍAZ FLORES | Stiúrthóir an Nicaraguan Institute of Telecommunications and Postal Services, iníon Ard- Stiúrthóir na bpóilíní Nicearaguacha.<br>Dáta breithe: 28.6.1989<br>Inscne: baineann<br>Naisiúntacht: Nicearaguach | Is í Nahima Janett Diaz Flores Stiúrthóir an *Nicaraguan Institute of Telecommunications and Postal Services* (TELCOR), eintiteas rialála na seirbhísí teileachumarsáide agus poist. Bhain údaráis Nicearagua úsáid as TELCOR chun meáin neamhspleácha a chur ina dtost, lena n-áirítear trí eagraíocht nuachta ó 2018. Le linn fheachtas olltoghchán 2021, bhí feachtais bhréagaisnéise á gcur chun feidhme ar mhórscála ag TELCOR. Mar an institiúid atá i gceannas ar chur chun feidhme an "dlí cibearshlándála", tá gníomhaíochtaí maidir le sochaí shibhialta agus an freasúra daonlathach á n-ordú agus á n-oibriú ag TELCOR. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Ina post, bhí Nahima Diaz Flores ag tacú leis an réimeas Ortega, agus tá gníomhaíochtaí bréagaisnéise agus faireachais ordaithe agus curtha i bhfeidhm aici trí TELCOR de sochaí shibhialta agus an freasúra daonlathach. Tá sí freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an tsochaí shibhialta agus an freasúra daonlathach a bhrú faoi chois agus as an mbonn a bhaint ón daonlathas i Nicearagua. | |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 21. | Luis Ángel MONTENEGRO ESPINOZA | Ceannfort ar Superintendency of Banks and other Financial Institutions of Nicaragua<br><br>Dáta breithe: 1.1.1949<br><br>Áit bhreithe: Esteli, Nicaragua<br><br>Inscne: fireann<br><br>Seoladh: Planes De Puntaldia Casa #16, Managua, Nicaragua<br><br>Uimhir aitheantais: 1610101490000S | Is é Luis Ángel Montenegro Espinoza Ceannfort an *Superintendency of Banks and other Financial Institutions of Nicaragua* (SIBOIF). Sa cháil sin dó, tá sé freagrach as géarleanúint a dhéanamh ar ghníomhaithe airgeadais a chuir i gcoinne bheartais réimeas Ortega, agus as smacht an réimeas ar an earnáil airgeadais a fhorfheidhmiú.<br><br>Is é Daniel Ortega a cheap sa phost sin é mar luach saothair ar a dhílseacht. Sa ról a bhí aige roimhe seo, mar Rialaitheoir Ginearálta na Poblachta, chinntigh sé nach ndéanfaí iniúchadh ar ghníomhaíochtaí éillitheacha Ortega agus, ar an gcuma chéanna, rannchuidigh sé le smacht Ortega a choinneáil ar an réimeas.<br><br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as an mbonn a bhaint ón smacht reachta i Nicearagua, agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.. | [+]'; |

[+] IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

(3) cuirtear an ceannteideal agus tábla seo a leanas leis:

‘B. Daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1)

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1. | National Police of Nicaragua<br>La Policía Nacional Nicaragüense | Ceanncheathrú: Managua, Nicaragua<br>Dáta bunaithe: 22.8.1979<br>Suíomh: http://www.policia.gob.ni/ | Tá na *Nicaraguan National Police* freagrach as cóireáil táireach, lena n-áirítear céasadh fisiciúil agus síceolaíoch, orthu siúd atá i gcoinne réimeas Ortega. Tá sé freagrach as príosúnú neamhdhleathach a dhéanamh ar réamhiarrthóirí uachtaránachta, ar cheannairí na sochaí sibhialta, ar cheannairí mac léinn agus ar cheannairí tuaithe nó ar iriseoirí neamhspleácha gan aon ráthaíochtaí dlíthiúla ná daonlathacha. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Bhí ról lárnach ag na *Nicaraguan National Police* nuair nach mbeadh aon fhíorfhreasúra daonlathach ann i gcoinne Daniel Ortega chun le linn na n-olltoghchán an 7 Samhain 2021. Roimh an toghchán, rinne na *Nicaraguan National Police* faireachas agus géarleanúint leanúnach ar cheannairí an fhreasúra, briseadh isteach go neamhdhleathach ina n-áit chónaithe agus gabhadh go treallach comhaltaí an fhreasúra, agus rinne siad bagairt chórasach ar fhostaithe poiblí.<br><br>In 2018, bhí lámh ag na *Nicaraguan National Police* i marú lucht agóide síochánta ar fud Nicaragua.<br><br>Tá na *Nicaraguan National Police* freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach, agus as an mbonn a bhaint on daonlathas agus an smacht reachta i Nicearagua. | |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 2. | *Supreme Electoral Council*<br>*Consejo Supremo Electoral* | Seoladh: Pista Juan Pablo II, Managua 14005, Nicaragua<br><br>Suíomh: https://www.cse.gob.ni/<br><br>Rphost: info@cse.gob.ni | Is é an *Supreme Electoral Council* (SEC) an comhlacht atá freagrach as olltoghchán an 7 Samhain 2021 a ullmhú, a reáchtáil agus a dheimhniú, agus a bhain an bonn ó institiúidí daonlathacha agus ó phróisis dhaonlathacha i ngeall ar a n-easpa trédhearcachta, agus mar nach raibh aon fhíor-fhreasúra ná díospóireacht dhaonlathach ann. Cheil SEC deis ar an bhfreasúra seasamh i saorthoghcháin agus d'áirithigh sé gur i ndálaí neamhdhaonlathacha a d'eagrófaí an toghchán féin.<br><br>Tá SEC freagrach, dá bhrí sin, as cos ar bolg a imirt ar an bhfreasúra daonlathach, agus as an mbonn a bhaint ón daonlathas agus ón smacht reachta i Nicearagua. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 3. | *Nicaraguan Institute of Telecommunications and Postal Services* | Seoladh: Avenida Bolívar, Esquina diagonal<br><br>al edifico de la Cancillería Aptdo, 2664,<br><br>Managua, 10000, Nicaragua<br><br>Dáta an chláraithe: 12.6.1982<br><br>Suíomh: https://www.telcor.gob.ni | Is é an *Nicaraguan Institute of Telecommunications and Postal Services* (TELCOR) an t-eintiteas rialála seirbhísí teileachumarsáide agus poist. Tá úsáid bainte ag údaráis Nicearagua as chun meáin neamhspleácha a chur ina dtost, lena n-áirítear trí cinn d'eagraíochtaí nuachta ó 2018 i leith, le linn an bhrú faoi chois in 2018 agus tar éis olltoghcháin 2021. Le linn an fheachtais olltoghcháin , bhí feachtas bréagaisnéise á chur chun feidhme ar mórscála ag TELCOR. Mar an institiúid atá i gceannas ar chur chun feidhme an "dlí cibearshlándála", is é TELCOR atá i gceannas agus i mbun feidhmithe maidir le sochaí shibhialta agus an freasúra daonlathach.<br><br>Tá TELCOR freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach. | +. |

---

\+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.